



Central Statistics Office
An Phríomh-Oifig Staidrimh

Press Statement
Preas Ráiteas

Daonáireamh 2006 – Imleabhar 8 - Gairmeacha

Rannpháirtíocht is airde sa lucht oibre ag oibríthe ón 10 stáit nua AE

Bhí tuairim 103,000 den 110,527 náisiúnaigh neamh-Éireannacha ón 10 stáit nua AE a bhí 15 bliana d'aois agus níos sine i mí an Aibreáin 2006 páirteach sa lucht oibre. Is ionann seo agus ráta rannpháirtíochta sa lucht oibre de 93% i gcomparáid le 68% do náisiúnaigh nach as an AE iad. 62.5% an ráta cuí don daonra ina iomlán.

Tá an t-eolas seo ar fáil i n*Daonáireamh 2006 Imleabhar 8 – Gairmeacha*, a thugann tuilleadh torthaí ón daonáireamh a tógadh ar an 23 Aibreán 2006. Tugann an tuairisc na figiúirí deireanacha daonra rangaithe de réir gairmeacha, grúpa socheacnamaíocha agus aicme sóisialta do na ranna tíre sonrath sa tír. (Féach nóta an eagarthóra).

Bhí gairmeacha ag beagnach duine as gach triúr oibrí ón Áise (32.7%) sna rannóga *Proifisiúnta, teicniúil agus sláinte*, i gcomparáid le 16.4% don daonra ina iomlán.

Méadú mór i ngairmeacha a bhaineann le tógáil

Tháinig méadú faoi thrí beagnach ar líon na n-oibríthe bóthair ó 2,980 i mí an Aibreáin 2002 go 8,802 i mí an Aibreáin 2006. Mhéadaigh líon na n-oibríthe píopaí a chur síos, bríceadóirí, tiománaithe craenach, oibríthe dín agus pláistéirí uilig níos mó ná 70% sa thréimhse chéanna cheithre bliana.

Líon is airde oibríthe cléireachais lonnaithe i mbailte timpeall ar Bhaile Átha Cliath

B'iad Mullach Íde (31.2%) agus Port Mearnóg (29.9%) agus Domhnach Bat (28.6%) na bailte leis an líon ab airde d'oibríthe sna rannóga *Cléireachas, bainistíocht agus rialtas* sa bhliain 2006. Ag leibhéal náisiúnta bhain 17.6% de dhaoine sa lucht oibre leis an rannóg gairme seo.

Meath leanúnach i ngairmeacha déantúsaíochta

Tá meath i gcónaí ar chéatadán na n-oibríthe déantúsaíochta agus thit siad ó 12.6% sa bhliain 2002 go 11.8% sa bhliain 2006. B'iad Baile Shéamais Dhuibh (38%) i gCo an Chabháin agus Béal Átha hAmhnais (32.9%) i gCo Mhaigh Eo na bailte leis na céatadán ab airde de ghairmeacha Déantúsaíochta. Ag an taobh eile den scála bhí Mullach Íde (5.1%) agus An Daingean (5.1%) leis na céatadán ba lú.

Tuilleadh /...

Mullach Íde ag barr an scála socheacnamaíocha

Bhí an céatadán ab airde dá dhaonra 15 bliana d'aois agus níos sine ag Mullach Íde i dtuaisceart Átha Cliath rangaithe sna grúpaí socheacnamaíocha Fostóirí agus Bainisteoirí agus lucht proifisiúnta. B'ionann na grúpaí seo lena chéile agus 39.5% den daonra cuí. Ina dhiaidh sin a tháinig Áth an Sceire (38.4%), Na Clocha Liatha (36.3%) agus Port Mearnóg (34.7%)

Nóta an Eagarthóra

Tá achoimre ag leibhéal Stáit de na sonraí in Imleabhair 7, 8 agus 10 go 12 de na tuairiscí sonraithe daonáirimh ar fáil san fhoilseachán Daonáireamh 2006 – Príomhthorthaí Socheacnamaíocha, a foilsíodh ar an 28 Meitheamh 2007. Tá figiúirí gaolmhara ag leibhéal geografach níos sonraithe ar fáil san fhoilseachán, Imleabhar 8, atá á fhoilsiú inniu.

Tá na táblaí ar fad a foilsíodh ó Dhaonáireamh 2006 curtha ar fáil ar shuíomh idirlín na POS (www.cso.ie). Tá táblaí ag leibhéal Toghranna, Ceantar Áitiúil Toghroinne agus do bhailte beaga ar fáil ar shuíomh idirlín na POS amháin.

Is féidir cóipeanna den fhoilseachán a fháil ach teagmháil a dhéanamh le:

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Rannóg Eolais, Bóthar na Sceithe Airde, Corcaigh (021) 453 5011
nó

Oifig Díolta Foilseacháin an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.

Praghas: €15.00

Is féidir cóipeanna a íoslódáil freisin ó shuíomh idirlín na POS (féach seoladh thíos).

Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le:

Shaun McLaughlin ar 01-895 1474 nó Brian King ar 01-895 1334.

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Sord, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Co. Átha Cliath.

Fiosrúcháin an Daonáirimh	(01) 895 1460/61/63/66
Facs:	(01) 895 1399
Ríomh-phost:	census@cso.ie
Idirlíon:	www.cso.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh

20 Meán Fómhair 2007

– CRÍOCH –